# Nósanna Imeachta LPM 2015/16

teacher professional networks
Líonraí Proifisiúnta Múinteoirí

Pointí mar threoir chun foirmeacha LPM a chomhlíonadh.

BA CHÓIR GACH FIOSRÚ A SHEOLADH CHUIG:
An Riarthóir LPM, Ionad Oideachais na Carraige Duibhe, Ascaill na Cille,
Dún Laoghaire, Co. BÁC  Fón: (01) 236 5000  Facs: (01) 236 5050
R-phost: tpn@blackrockec.ie   www.tpnetworks.ie

www.tpnetworks.ie

## LEIBHÉAL MAOINITHE

| 2015/16 | Deontas do Ghníomhaíochtaí | Caiteachas Riaracháin an Fheidhmeannais Náisiúnta |
|---|---|---|
| Leibhéal 1 | €3,000 | €2,500 |
| Leibhéal 2 | €6,000 | €2,500 |
| Leibhéal 3 | €12,000 | €5,000 |

## NA FOIRMEACHA

### Foirm Chlárúcháin Bhliantúil an Fheidhmeannais Náisiúnta
**Sonraí ar theagmhálacha don bhliain**

Cuir an Coiste Stiúrtha LPM ar an eolas faoi aon athrú san Fheidhmeannas Náisiúnta i ndiaidh gach Cruinniú Cinn Bhliana.

### Foirm Thogra FGL Phobal Cleachtais/Bhrainse Áitiúil
**Liosta de na gníomhaíochtaí áitiúla atá beartaithe, le cur ar aghaidh chuig Comhordaitheoir LPM an Fheidhmeannais Náisiúnta**

- Ní féidir níos mó ná 50% de Dheontas Gníomhaíochta LPM ar bith a chaitheamh ar chomhdhálacha náisiúnta. Beidh ráta agus coinníollacha na Rannóige um Oideachas Múinteoirí i bhfeidhm.
- Ní mór ócáidí atá maoinithe ag LPM a bheith ar oscailt do na múinteoirí uile agus é sin a bheith fógartha go soiléir ar na suíomhanna gréasáin.
- Ba chóir meastachán réalaíoch ar chostais a chur i láthair, bunaithe ar leibhéil deontais agus uasteorainneacha maoinithe.
- Tá uimhir thagartha riachtanach do gach gníomhaíocht atá beartaithe. Bain úsáid as an uimhir thagartha seo d'éilimh ina dhiaidh sin.
- Coinnigh clár tinrimh do na gníomhaíochtaí uile agus seol isteach é le d'éileamh.
- Ní féidir gníomhaíochtaí le níos lú ná 10 rannpháirtí a mhaoiniú trí LPM; ní bhaineann sé seo le cruinnithe den Choiste Feidhmiúcháin. Tá saoirse ag LPManna ócáidí a rith le líon níos lú rannpháirtithe ag baint úsáide as a gcistí féin.

### Tuairisc ar Ghníomhaíocht Áitiúil
**Éilimh le déanamh a luaithe agus a tharlaíonn gníomhaíocht agus le seoladh chuig an gComhordaitheoir LPM**

- Ní mór léachtóirí a bheith íoctha ag an Ionad Oideachais ainmnithe sa chaoi is go mbainfear na cánacha cuí. Ní féidir éileamh i leith dearbhán 'in áit' íocaíochta; ná ní féidir éileamh a dhéanamh i leith nithe ar nós bláthanna, fíon nó málaí bolscaireachta.
- Agus éileamh á ullmhú agat cuimhnigh ar do chostais mar a bhí measta; cé go gceadófar solúbthacht éigin, ba chóir go mbeadh na costais a éileofar ag teacht leis na costais a bhí measta.
- Cuir san áireamh cóip den liosta tinrimh, sonraisc, admhálacha agus éilimh na léachtóirí.
- Ní mór d'éilimh na rannpháirtithe seoltaí baile AGUS scoile a áireamh.

### Achoimre ar Ghníomhaíochtaí Beartaithe

**Líonta isteach ag Comhordaitheoir LPM an Fheidhmeannais Náisiúnta bunaithe ar mholtaí gníomhaíochtaí áitiúla FGL**

- Tabhair an méid eolais agus is féidir nuair atá togra do chomhdháil á chur i láthair. Ní dhéanfar iarratas ar bith a mheas gan eolas imleor, rud a chuirfidh moill ar cheadú deontais. Tabhair faoi deara gur chóir comhdhálacha a thionól lasmuigh den tseachtain scoile.
- Ba chóir go léireodh foirmeacha togra gníomhaíochtaí conas a chuidíonn na gníomhaíochtaí le tosaíochtaí oideachais náisiúnta agus go ndéanfaidís suntas den chomhoibriú le seirbhísí tacaíochta cuí.
- Ba chóir go n-áireodh an togra tuairisc ghairid a luann rathanna sa bhliain roimhe, chomh maith le tuairisc a thabhairt ar na riachtanais, spriocanna agus pleananna don todhchaí a mheasfar a bheidh ag na baill.
- Ní ghlacfar le foirmeacha ar bith, cibé tograí nó éilimh, gan na sínithe cuí, ach go háirithe iad siúd a chaithfidh a bheith sínithe ag Stiúrthóir an Ionaid Oideachais ainmnithe.
- Ní mór cóipeanna d'fhoirmeacha togra na mbrainsí a áireamh. Ba chóir go mbeadh an t-eolas ar fad maidir le gníomhaíochtaí na mbrainsí ag an gComhordaitheoir LPM má tá tuilleadh eolais de dhíth ar an gCoiste Stiúrtha.

### Foirm Thogra Caiteachais Fheidhmeannais Náisiúnta

**Le cur isteach tráth nach déanaí ná 30 Meitheamh 2015; féadfar glacadh le hiarratais dhéanacha go dtí 6 Meán Fómhair 2015. Déanfar iarratais a gheofar i ndiaidh an dáta seo a mheas do 2016/17.**

- Moltar úsáid TFC chun cumarsáid agus dáileadh ábhar a éascú.
- Moltar gan ábhar a chló. Tá maoiniú LPM ceadaithe, áfach, do chostais deartha ar nuachtlitreacha leictreonacha srl.

### Foirm Éilimh ar Chaiteachas Fheidhmeannais Náisiúnta

**Le líonadh isteach ag an bhFeidhmeannas Náisiúnta. Ní mór na sonraisc, admhálacha agus éilimh taistil uile a áireamh.**

- Taisteal agus cothabháil do bhaill an Fheidhmeannais: 40% ar a mhéid den deontas iomlán. Do chúiseanna maoinithe, ba chóir go mbeadh, ar a laghad, 75% de bhaill an Fheidhmeannais ina múinteoirí iarbhunscoile reatha agus deimhnithe.

# NA COINNÍOLLACHA

Ceadóidh an Coiste Stiúrtha LPM maoiniú do ghníomhaíochtaí a dhíríonn ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a fhéachann le feabhas a chur i gcónaí ar eispéireas foghlama scoláirí san iarbhunoideachas agus atá ag teacht le haidhmeanna agus cuspóirí reatha na Roinne Oideachais agus Scileanna:

- An Litearthacht agus an Uimhearthacht
- Feabhsúchán Scoile
- Creat na bpríomhscileanna agus torthaí foghlama (c.f. CNCM)

Sainítear an scéim LPM mar scéim mhaoinithe fhorlíontach chun tacú le hobair na LPManna. Tá sí ceaptha le tacú le hobair na ngrúpaí múinteoirí. Mar sin féin, ó tharla go dtagann an maoiniú ó chistí an Rialtais, tá an Coiste Stiúrtha LPM freagrach as a chinntiú go bhfuil cuntasacht agus trédhearcacht sa bhealach ina ndéantar cistí LPM a leithdháileadh, a chaitheamh agus a bhainistiú, agus as a dheimhniú go bhfaigheann an cáiníocóir luach ar airgead as gach euro a chaitear.